Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9321/26**

**SOC 265**
**EMPL 118**
**GENDER 36**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne thar ceann na hIodáile |

**CINNEADH ÓN GCOMHAIRLE**

**an …**

**lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne thar ceann na hIodáile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le hInstitiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne a bhunú[1], agus go háirithe Airteagal 10 de,

[1] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2025/2802[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne don tréimhse ón 1 Meitheamh 2025 go dtí an 31 Bealtaine 2028.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne tagtha chun bheith folamh mar gheall ar Stefano PIZZICANNELLA a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na hIodáile don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025, lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (IO C, C/2025/2802, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2802/oj)

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Agnese CANEVARI ina comhalta malartach de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne in ionad Stefano PIZZICANNELLA, go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Bealtaine 2028.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/i/sa ..., an …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*